# Conas Gearán Comhshaoil a Dhéanamh


Environmental
Enforcement
Network

Mínítear sa bhileog seo cé leo ar cheart duit teagmháil a dhéanamh agus an méid is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le fadhbanna comhshaoil a réiteach

A. Cé leo ar cheart teagmháil a dhéanamh

B. Cad ba cheart a rá agus a dhéanamh

C. Eolaire na nGníomhaireachtaí Ábhartha



**AN bhFACA TÚ RUD ÉIGIN?**

**ABAIR RUD ÉIGIN!**



epa
Environmental Protection Agency

An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
Department of Climate, Energy and the Environment

CUID

# A

## Cé leo ar cheart teagmháil a dhéanamh




## Céim a hAon

### Déan Teagmháil leis an Duine nó Gnó go Díreach

In go leor cásanna, beifear in ann fadhb comhshaoil a réiteach trí theagmháil a dhéanamh go díreach leis an duine nó leis an ngnólacht is cúis leis an bhfadhb dar leat. Dá mb'fhearr leat gan an rogha sin a dhéanamh, bog ar aghaidh go Céim a Dó.

Má dhéanann tú teagmháil leis an duine nó leis an ngnólacht go díreach, is fearr duit cinneadh a dhéanamh sula ndéantar an teagmháil maidir leis an toradh atá uait. Déan teagmháil leo go díreach ansin, ar an bhfón nó i scríbhinn agus leag amach an fhadhb atá le réiteach, an chaoi gur mhaith leat go réiteofaí í agus socraigh amscála chun an méid sin a bhaint amach.

*Bíonn roinnt réimsí, amhail*

- *cosaint fiadhúlra agus gnáthóige,*
- *sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, agus*
- *sláinte phoiblí*

*faoi chúram comhlachtaí poiblí ar leith. Tá sonraí teagmhála na gcomhlachtaí poiblí sin agus faisnéis ar na ceisteanna atá faoina gcúram le fáil ar chúl na bileoige seo.*

*Seachas dul tríd an bpróiseas gearán seo, tá an rogha agat do chaingne féin a thabhairt faoi go leor alt den dlí comhshaoil.*

# Céim a Dó

## Déan Teagmháil leis an Údarás Áitiúil


SONRAÍ TEAGMHÁLA AR LEATHANACH 6

Sa chás nach n-eascraíonn toradh sásúil ón gcéad chéim den phróiseas, déan teagmháil le d'údarás áitiúil **seachas sa chás go mbaineann d'imní le gnólacht ag a bhfuil ceadúnas GCC**.

*Tugann GCC ceadúnais do shaoráidí tionscail mhóir nó saoráidí bainistíochta* dramhaíola *amhail láithreáin líonta talún. Sa chás sin, bog ar aghaidh go Céim a Trí.*

Sa chás go mbaineann an fhadhb le hábhair amhail caitheamh bruscair, dó sa ghairdín, truailliú uisce, torann, deatach agus bolaithe, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil, *ach amháin má tá ceadúnas GCC ag an ngnólacht.*




# Céim a Trí

## Déan Teagmháil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)

SONRAÍ TEAGMHÁLA AR LEATHANACH 11

Sa chás go raibh tú ag déileáil le láithreán arna cheadúnú ag GCC agus nár réitíodh an fhadhb, ansin ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le GCC.

Ina theannta sin, i gcásanna go ndearna údarás áitiúil iniúchadh ar do ghearán ach go leanann an fhadhb ar aghaidh, d'fhéadfadh sé gur mian leat teagmháil a dhéanamh le GCC. Déanfaidh GCC iniúchadh chun fáil amach ar chuir an t-údarás áitiúil a ndualgais i gcrích go cuí.

Tabhair faoi deara nach mbíonn páirt ag GCC in iniúchadh faidhbe nach mór don údarás áitiúil a réiteach, go dtí go dtugtar deis don údarás áitiúil ábhartha iniúchadh a dhéanamh agus an fhadhb a réiteach.

CUID


# B

# Cad ba cheart a rá agus a dhéanamh

**Nuair atá tú ag iarraidh fadhb comhshaoil a réiteach, cibé acu ag Céim 1, 2 nó 3 atá tú, coinnigh na nithe seo a leanas i gcuimhne.**

## Coinnigh Taifead

Sa chás gur roghnaigh tú teagmháil a dhéanamh ar an bhfón, is dea-chleachtas é nóta a bhreacadh síos de dháta agus am an ghlao, ainm an duine lena raibh tú ag labhairt, príomhphointí an chomhrá, na gníomhartha a ghlac an duine lena raibh tú i dteagmháil air féin agus na gníomhartha a ghlac tú ort féin. Sa chás go ndéantar tuilleadh glaonna, ní mór an fhaisnéis chéanna a bhreacadh síos agus a choinneáil.




## Bíonn na Sonraí Tábhachtach

Tabhair an méid mionsonraí agus is féidir –

Cé? Céard? Cathain? Cén áit?!!

## Teagmháil leantach



D'fhéadfadh sé gur mian leat aon ghlao teileafóin a leanúint le scríbhinn nó le ríomhphost. Más amhlaidh, déan cinnte go gcoinníonn tú cóip de chomhfhreagras ar bith. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith úsáideach i gcéimeanna ní b'fhaide ar aghaidh sa phróiseas.

## Foirm ar Líne




Is féidir leat an Fhoirm Ghearáin Comhshaoil, atá ar fáil ó shuíomh gréasáin nó oifigí an údaráis áitiúil nó GCC, a úsáid freisin.

Tá sonraí teagmhála, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, le haghaidh gach údarás áitiúil agus GCC ar fáil ar chúl na bileoige seo. Arís, cuimhnigh ar chóip a choinneáil den chomhfhreagras go léir.

## Coinnigh ar an Eolas maidir le Dul Chun Cinn

Nuair a dhéanann tú gearán, déarfar leat conas mar a dhéanfar déileáil le do ghearán. Is féidir fadhbanna áirithe a réiteach go tapa. Glacann roinnt fadhbanna comhshaoil, mar gheall ar nádúr na faidhbe, tréimhse nach beag le réiteach, áfach. Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil maidir le dul chun cinn do ghearáin, déan teagmháil le hoifig an údaráis áitiúil ábhartha nó GCC lena ndearna tú do ghearán.

## Rúndacht

Chun an t-iniúchadh a chur chun cinn, ní mór go mbeidh an t-údarás áitiúil nó GCC, in go leor cásanna, in ann teagmháil a dhéanamh leat chun tuilleadh faisnéise nó cúnaimh a fháil.

Molfar duit d'ainm agus do shonraí teagmhála a chur ar fáil, mar bíonn sé an-deacair gearáin gan ainm a fhiosrú. Is féidir leat a iarraidh go gcoinneofar d'ainm agus do shonraí teagmhála.
faoi rún

Ar mhaithe le taifead poiblí a choinneáil de ghníomhaíochtaí a bhaineann le saoráid/láithreán arna c(h)eadúnú ag GCC, is gnáthchleachtas é go gcuirtear sonraí an ghearáin maidir le saoráidí ceadúnaithe ar chomhad poiblí. Arís, is féidir leat a iarraidh go gcoinneofar d'ainm agus do shonraí teagmhála faoi rún agus sa chás sin ní chuirfear d'ainm ná do shonraí amach sa chomhad poiblí.




Tabhair faoi deara go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear faoi bhráid comhlachtaí poiblí faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## Do Ról mar Fhinné

Ar deireadh, i roinnt cásanna d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go nglacfar caingean cúirte chun fadhb a réiteach. Más amhlaidh an cás, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort feidhmiú mar fhinné agus fianaise faoi mhionn a thabhairt.

CUID

C

Eolaire na nGníomhaireachtaí Réigiúnacha

ÚDARÁIS ÁITIÚLA

# Údaráis Áitiúla

Gearáin Chomhshaoil
**Comhairle Contae Cheatharlach**
Bóthar Átha Í, Ceatharlach, R93 E7R7

**Teil** +353 59 9170300
**Ríomhphost** environment@carlowcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.carlow.ie

Comhordaitheoir Géarán Comhshaoil
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae an Chabháin**
Teach na Cúirte, An Cabhán, H12 R6V2

**Teil** +353 49 4378410
**Glao Áitiúil** 1890 606606
**Ríomhphost** waste@cavancoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.cavancoco.ie

Comhshaol
Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae an Chláir**
Gníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Comhshaoil agus Uisce, An Bóthar Nua, Inis, Co an Chláir, V95 DXP2

**Teil** +353 65 6846331
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** 1800 606 706
**Facs** +353 65 6846444
**Ríomhphost** enviroff@clarecoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.clarecoco.ie

An tOifigeach Riaracháin, An Stiúrthóireacht Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Chorcaí**
Inis Cara, Co Chorcaí

**Teil** +353 21 4532700
**Ríomhphost** environ@corkcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.corkcoco.ie

An tOifigeach Riaracháin - Comhshaol
**Comhairle Cathrach Chorcaí**
Halla na Cathrach, Sráid Anglesea, Corcaigh, T12 T997

**Teil** +353 21 4924000
**Ríomhphost** environment @corkcity.ie
**Suíomh gréasáin** www.corkcity.ie

An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Dhún na nGall**
Áras an Chontae, Leifear, Co Dhún na nGall, F93 Y622

**Teil** +353 74 9153900
**Ríomhphost** info@donegalcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.donegalcoco.ie

Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí
**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**
Oifigí na Cathrach, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F

**Teil** +353 1 2222222
**Ríomhphost**
citizenhub@dublincity.ie
customerservices@dublincity.ie
**Suíomh gréasáin** www.dublincity.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
An Rannóg Forfheidhmithe
**Comhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin**
Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, A96 K6C9

**Teil** +353 1 2054700
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** +353 1 6778844
**Ríomhphost** info@dlrcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.dlrcoco.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 403 503

Oifigeach Riaracháin
An Rannóg Forfheidhmithe
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Fhine Gall**
Áras an Chontae, Sord, Fine Gall, Co Bhaile Átha Cliath

**Teil** +353 1 8906799
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** +353 1 8905000
**Ríomhphost** environment@fingalcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.fingalcoco.ie

An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Cathrach na Gaillimhe**
Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, An Ghaillimh, H91 X4K8

**Teil** +353 91 536400
**Ríomhphost** environment@galwaycity.ie
**Suíomh gréasáin**www.galwaycity.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae na Gaillimhe**
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc, Co na Gaillimhe, H91 H6KX

**Teil** +353 91 509510
**Ríomhphost** environment@galwaycoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.galway.ie

An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Chiarraí**
Áras an Chontae,
Ráth Teas, Trá Lí, Co Chiarraí

**Teil** +353 66 7162000
**Facs** +353 66 7120663
**Ríomhphost** environ@kerrycoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.kerrycoco.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 326 228

Oifigeach Riaracháin
Comhshaol
**Comhairle Contae Chill Dara**
Áras Chill Dara, Páirc Devoy, An Nás, Co Chill Dara, W91 X77F

**Teil** +353 45 980588
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** 1800 500 444
**Ríomhphost** environ@kildarecoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.kildarecoco.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Chill Chainnigh**
Áras an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh, R95 A39T

**Teil** +353 56 7794470
**Facs** +353 56 7794004
**Ríomhphost** environment@ kilkennycoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.kilkennycoco.ie

Oifigeach Riaracháin
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Laoise**
Halla an Chontae Ascaill JFL, Port Laoise, Co Laoise, R32 EHP9

**Teil** +353 57 8664000
**Ríomhphost** environment@laoiscoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.laois.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Liatroma**
Áras an Chontae, Cora Droma Rúisc, Co Liatroma, N41 PF67

**Teil** +353 71 96 20005
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** 1800 205 205
**Ríomhphost** environmentalcomplaints@leitrimcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.leitrimcoco.ie

CUID

C

Eolaire na nGníomhaireachtaí Réigiúnacha

ÚDARÁIS ÁITIÚLA

# Údaráis Áitiúla ar lean

Oifigeach Riaracháin
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,**
Tuar an Daill, Luimneach, V94 WV78

**Teil** +353 61 496264
**Teil** +353 61-556000
**Ríomhphost** customerservices@limerick.ie
**Suíomh gréasáin** www.limerick.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 201 151

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Longfoirt**
2 Sráid an Teampaill, Cartrún na Mainistreach, An Longfort

**Teil** +353 43 3343462
**Ríomhphost** environment@longfordcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.longfordcoco.ie

Oifigeach Sinsearach Foirne
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Lú**
Halla an Chontae, Ionad na Míloise, Dún Dealgan, Co Lú, A91 KFW6

**Teil** +353 42 9335457
**Ríomhphost** environment@louthcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.louthcoco.ie

An tOifigeach Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**
Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo

**Teil** +353 94 9064000
**Ríomhphost** environment@mayococo.ie
**Suíomh gréasáin** www.mayo.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 400 256

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae na Mí**
Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co na Mí, C15 Y291

**Teil** +353 46 909700
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta** 1890 445 335
**Ríomhphost** environment@meathcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.meath.ie

An tOifigeach Riaracháin Comhshaol
**Comhairle Contae Mhuineacháin**
Bóthar Chois Abhann, Carraig Mhachaire Rois, Co Mhuineacháin, A81 RY22

**Teil** +353 42 9661240
**Ríomhphost** envservices@monaghancoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.monaghan.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 200 014

Seirbhísí Comhshaoil
**Comhairle Contae Uíbh Fhailí**
Áras an Chontae, Tulach Mhór,
Co Uíbh Fhailí, R35 F893

**Teil** +353 57 9346800
**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta**
1800 151515
**Ríomhphost**
environment@offalycoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.offaly.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Ros Comáin**
Áras an Chontae, Co Ros Comáin,
F42 VR98

**Teil** +353 90 6637100
**Ríomhphost**
environment@roscommoncoco.ie
**Suíomh gréasáin**
www.roscommoncoco.ie

Oifigeach Gearán Comhshaoil
**Comhairle Contae Shligigh**
Halla an Chontae, Cois Abhann,
Sligeach, F91 Y763

**Teil** +353 71 9111111
**Ríomhphost** enviro@sligococo.ie
**Suíomh gréasáin** www.sligococo.ie

An Rannóg Seirbhísí Comhshaoil
**Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas**
Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 A3XC

**Teil** +353 1 4149000
**Ríomhphost** info@sdublincoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.sdcc.ie

Oifigeach Riaracháin
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Thiobraid Árann**
Oifigí na Cathrach, Cluain Meala,
Co Thiobraid Árann, E91N512

**Teil** 0818 065000
**Ríomhphost**
customerservices@tipperarycoco.ie
**Suíomh gréasáin**
www.tipperarycoco.ie

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge**
Foirgneamh Menapia, An Meal,
Port Láirge, X91 PK15

**Teil** 0818 10 20 20
**Ríomhphost**
contact@waterfordcouncil.ie
**Suíomh gréasáin**
www.waterfordcouncil.ie

Innealtóir Sinsearach
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae na hIarmhí**
Áras an Chontae, Sráid Uí Shaothraigh, An Muileann gCearr,
N91 FH4N

**Teil** +353 44 9332000
**Ríomhphost**
customerservice@westmeathcoco.ie
**Suíomh gréasáin**
www.westmeathcoco.ie
**Beolíne Bhruscair** 1800 819 000

Comhordaitheoir Gearán Comhshaoil
Comhshaol
**Comhairle Contae Loch Garman**
Halla an Chontae, Loch Garman,
Y35 WY93

**Teil** +353 53 9196000
**Ríomhphost**
environment@ wexfordcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.wexfordcoco.ie

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
An Rannóg Comhshaoil
**Comhairle Contae Chill Mhantáin**
Áras an Chontae, Baile Chill
Mhantáin, A67 FW96

**Teil** +353 404 20100
**Ríomhphost** env@wicklowcoco.ie
**Suíomh gréasáin** www.wicklow.ie
**Beolíne Bhruscair** 1890 548 837

## Glaoigh ar an Líne Náisiúnta Gearán Comhshaoil (NECL)

**Teil:** 1800 365 123, ar fáil 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain.

## Bain úsáid an aip 'See it? Say It!' ar an bhfón cliste

**(gach údarás áitiúil SEACHAS Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)**

Apple iPhone: Íoslódáil ó Aipmhargadh Apple

Fón cliste Android: Íoslódáil ó Play Store Android

I gcás Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, téigh chuig Ardán Citizen Hub https://citizenhub.dublincity.ie/

CUID

C

Eolaire na nGníomhaireachtaí Réigiúnacha

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA GCC
IASCACH INTÍRE ÉIREANN
AN tSEIRBHÍS PÁIRCEANNA NÁISIÚNTA AGUS FIADHÚLRA

# Cigireachtaí Réigiúnacha GCC

Ba chóir do dhaoine den phobal ar mian leo gearán a dhéanamh le GCC faoi Chuid A, Céim a Trí den bhileog seo an fhoirm ghearáin ábhartha a chomhlánú ar shuíomh gréasáin GCC, www.epa.ie.

**Ceanncheathrú**
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Eastáit Chaisleán Bhaile Sheáin, Co Loch Garman, Y35 W821

**Teil** +353 53 9160600
**Glao Áitiúil** 0818 335 599
**Facs** +353 53 91606 99
**Ríomhphost** info@epa.ie
**Suíomh gréasáin** www.epa.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Teach Mhic Chumascaigh,
Richview, Baile Átha Cliath 14

**Teil** +353 1 2680100
**Ríomhphost** info@epa.ie
**Suíomh gréasáin** www.epa.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Inis Cara, Co Chorcaí, P31VX59

**Teil** +353 21 4875540
**Ríomhphost** info@epa.ie
**Suíomh gréasáin** www.epa.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bóthar Sheáin de Móra,
Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo
F23 KT91

**Teil** +353 94 9048400
**Facs** +353 94 9021934
**Ríomhphost** info@epa.ie
**Suíomh gréasáin** www.epa.ie

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Lóiste Seville, Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, R95 ED28

**Teil** +353 56 7796700
**Facs** +353 56 7796798

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
An Gleann, Muineachán, H18 YT02

**Teil** +353 47 77600
**Facs** +353 47 84987

**An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil (OEE), Forfheidhmiú Údarás Áitiúil**
An tAonad Gearán Comhshaoil
An Oifig Forfheidhmithe
i leith cúrsaí Comhshaoil,
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca PO 3000,
Eastáit Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co Loch Garman

**Teil** +353 53 9160600
**Ríomhphost** info@epa.ie
**Suíomh gréasáin** www.epa.ie

# Iascach Intíre Éireann

Tá Iascach Intíre Éireann ann chun ceantair iascaireachta bunáite talún agus acmhainní slatiascaireachta mara na hÉireann a chosaint, a bhainistiú agus a chaomhnú.

Déantar iniúchadh ar ghearáin faoi shladanna ar éisc agus ceisteanna faoi thruailliú uisce, lena n-áirítear truailliú a tharlaíonn ó Oibreacha Údaráis Áitiúil, agus tá leas acu freisin i ngníomhaíocht ar bith a imríonn tionchar ar uiscí amhail dreidireacht, baint gairbhéil, tógáil droichead srl.

Tuairiscigh iascaireacht mhídhleathach, sladanna ar éisc, éisc i gcruachás, truailliú uisce, scrios gnáthóige nó speicis ionracha trí ghlao a chur ar líne fóin faoi rúin IIÉ.

Glaoigh: 0818 34 74 24 (24 uair an chloig)

**Iascach Intíre Éireann (Ceannoifig)**
3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, D24 CK66

**Teil** +353 1 8842600
**Ríomhphost** info@fisheriesireland.ie
**Suíomh gréasáin** www.fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, Baile Átha Cliath (Ceantar Abhantraí an Oirthir)**
3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, D24 CK66

**Teil** +353 1 2787022
**Facs** +353 1 2787025
**Ríomhphost** dublin@fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, Béal Átha Seanaidh (Ceantar Abhantraí an Iarthuaiscirt)**
Bóthar an Stáisiúin, Béal Átha Seanaidh, Co Dhún na nGall F94 WV76

**Teil** +353 71 9851435

**Iascach Intíre Éireann, Béal an Átha (Ceantar Abhantraí an Iarthair)**
Áras Ardnaree, Sráid na Mainistreach, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo, F26 KO29

**Teil** +353 96 9022788
**Facs** +353 96 9070543
**Ríomhphost** ballina@fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, Luimneach (Ceantar Abhantraí na Sionainne)**
Páirc Ghnó Ashbourne, Bóthar an Duga, Luimneach, V94 NPEO

**Teil** +353 61 300238
**Facs** +353 61 300308
**Ríomhphost** limerick@fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, Cluain Meala (Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt)**
Sráid Anglesea, Cluain Meala, Co Thiobraid Árann, E91 RD25

**Teil** +353 52 6180055
**Facs** +353 52 6123971
**Ríomhphost** clonmel@fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, Maigh Chromtha (Ceantar Abhantraí an Iardheiscirt)**
Áras Sunnyside, Co Chorcaí, P12 X602

**Teil** +353 26 41222
**Facs** +353 26 41223
**Ríomhphost** macroom@fisheriesireland.ie

**Iascach Intíre Éireann, An Gaillimh (Ceantar Abhantraí an Iarthair)**
Teach Breac, Oileán an Iarla, An Gaillimh, H91 E2A2

**Teil** +353 91 563118
**Facs** +353 91 566335

# An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra – An Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, cuid den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le hábhar cosanta fiadhúlra agus gnáthóige.

**An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra**
90 Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7, D07N7CV

**Teil** +353 1 8882000
**Ríomhphost** natureconservation@npws.gov.ie
**Suíomh gréasáin** www.npws.ie

CUID

C

Eolaire
na
nGníomhaireachtaí
Réigiúnacha

AN GARDA SÍOCHÁNA
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE
AN tÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA
ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA hÉIREANN
AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA
AN COIMISIÚN EORPACH

# An Garda Síochána

Ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána má tá imní ort go ndearnadh cion coiriúil.

**Suíomh gréasáin** www.garda.ie

# Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tá freagracht ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) as déileáil le gearáin faoi cheisteanna a bhaineann le sláinte phoiblí. Má tá imní ort faoi thionchair ghníomhaíochta nó teagmhais ar do shláinte féin, sláinte do theaghlaigh nó sláinte an phobail i gcoitinne, déan teagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ionas gur féidir ceisteanna sláinte poiblí a iniúchadh.

**Ceannoifig Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)**
Ospidéal an Dr Steevens,
Lána Steevens,
Baile Átha Cliath 8,
D08 W2A8

**Teil** +353 1 635 2000
**Suíomh gréasáin** www.hse.ie

# An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Tá freagracht ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta as do shláinte agus do shábháilteacht san ionad oibre a dhaingniú.

**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**
The Metropolitan Building,
Sráid James Joyce,
Baile Átha Cliath 1, D01K0Y8

**Teil** 0818 289 389
**Ríomhphost** contactus@hsa.ie
**Suíomh gréasáin** www.hsa.ie

# Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Díríonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar shláinte agus leas tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann bia a ídítear, a dháiltear, a ndéantar margaíocht air agus a tháirgtear sa stát na caighdeáin is airde sábháilteachta agus sláinteachais bia.

**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**
An Malartán,
Duga Sheoirse,
I.F.S.C.,
Baile Átha Cliath 1,
D01 P2V6

**Teil** +353 1 8171300
**Ríomhphost** info@fsai.ie
**Suíomh gréasáin** www.fsai.ie

# An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Tá freagracht ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as maoirseacht a dhéanamh ar aoníocaíochtaí feirme d'fheirmeoirí, atá faoi réir tras-chomhlíonadh na dtreoracha comhshaoil. Déanann an Roinn iniúchtaí chun ceanglais AE a chomhlíonadh agus tá socruithe maidir le crostuairisciú le húdaráis rialaithe eile á gcur i bhfeidhm.

**An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**
Áras Talmhaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 WK12

**Teil** +353 1 6072000
**Ríomhphost** info@agriculture.gov.ie
**Suíomh gréasáin** www.agriculture.gov.ie/

# An Coimisiún Eorpach

Tá freagracht ag an gCoimisiún Eorpach as a chinntiú go gcuirtear dlí an Chomhphobail i bhfeidhm mar is cóir sna Ballstáit.

D'fhéadfadh duine ar bith gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin in aghaidh Ballstáit faoi bheart ar bith (dlí, rialachán nó gníomh riaracháin) nó cleachtas, a cheapann siad nach luíonn le foráil nó prionsabal Dhlí an Chomhphobail. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé oiriúnach a chinntiú i dtosach báire go bhfuil na hÚdaráis Náisiúnta ar an eolas faoin bhfadhb, agus deis tugtha dóibh freagra a thabhairt ar chás míshásúil féideartha a bhfuil gearán déanta faoi, sula ndéantar teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach. Tá foirmeacha gearáin caighdeánacha ar fáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh www.ec.europa.eu

Mar mhalairt air seo, is féidir gearán a sheoladh trí ghnáthlitir. Ba chóir gearáin mar sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

**An Coimisiún Eorpach**
(faoi bhráid an Ard-Rúnaí) B-1049 an Bhruiséil, An Bheilg

NIECE
Network of Ireland's Environmental Compliance & Enforcement

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2025

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla, nó a mhaítear a tharla, i bpáirt nó go hiomlán, mar thoradh ar dhuine ar bith a bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú, mar thoradh ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan cead breise a fháil, ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil.

978-1-80009-322-5 Samhain / 2025 / Suíomh gréasáin